# An Colún ar Chomhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí: Léargas Ginearálta

***Aistear***

*Téamaí*: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

*Treoirlínte don Dea-Chleachtas*: Tógáil(lgh. 6-25)

***Caighdeáin* Síolta**

1: Cearta an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3

3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, C3.1, 3.2, 3.3

Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Ag tarraingt ar an taithí atá ag an earnáil ar *Aistear* agus ar *Síolta* a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- na 6 **Cholún Curaclaim Idirnasctha**:
    1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
    2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
    3. Foghlaim trí mheán an tsúgartha
    4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
    5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
    6. Tacú le hAistrithe.

Tugtar léargas ginearálta ar an gcolún **Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí** sa cháipéis seo. Tá réimse acmhainní ag baint leis an gcolún seo chun cabhrú leat comhpháirtíochtaí níos láidre a chothú le tuismitheoirí i do shuíomh.

**Roimh dhul i mbun oibre duit ar an gcolún seo, molaimid duit roinnt oibre a dhéanamh ar *Bhunchlocha an Churaclaim*.**

## Cén fáth díriú ar chomhpháirtíochtaí a chothú le tuismitheoirí?

Aibhsítear in *Aistear* agus in *Síolta* an ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí agus ag teaghlaigh i saol a leanaí. Úsáidtear an téarma tuismitheoirí sa Treoir Chleachtais le tagairt do chúramóirí agus d'oideoirí príomha an linbh. Mar shampla, an t-athair agus an mháthair agus/nó caomhnóirí. Tugtar sa dá Chreat smaointe agus moltaí d'fhonn cabhrú le cleachtóirí dea-chaidreamh a chothú le tuismitheoirí agus le teaghlaigh, mar aon le smaointe chun iad a bheith páirteach sa suíomh luath-óige. Tacaíonn comhpháirtíochtaí láidre le gach teaghlach, ach is mór an chabhair iad do thuismitheoirí nach féidir leo, de dheasca cúinsí deacra, bheith chomh páirteach i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí agus ba mhian leo.

Is ceann de na colúin in *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* é *Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí*. Tá roinnt nasc ag an gcolún seo le colúin eile, lena n-áirítear *Foghlaim trí mheán an tsúgartha, Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú, agus Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear*. Cuirtear i gcuimhne duit sa réamhrá gairid seo cén fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint le comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí, tugtar breac-chuntas ar na hacmhainní atá sa chuid seo den Treoir Chleachtais, agus tugtar moltaí duit ar na bealaí a bhféadfá iad seo a úsáid.

Deirtear sa phrionsabal maidir le tuismitheoirí in Aistear:

*Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i saol an linbh. Téann an cúram agus an t-oideachas a fhaigheann siad óna dtuismitheoirí agus óna dteaghlach i bhfeidhm orthu ina bhforbairt iomlán, go háirithe le linn na míonna agus na mblianta luatha sa saol. Tá ról tábhachtach freisin ag gaolta eile agus ag an bpobal* (*Prionsabail agus téamaí*, 2009, lch. 9).

Admhaítear freisin sa phrionsabal maidir le tuismitheoirí in *Síolta*:

*Is iad na tuismitheoirí oideoirí príomha an linbh agus is iad, thar aon duine eile, a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt an linbh sin chun cinn*(2006, lch. 6).

Aibhsítear i gCaighdeán 3 de *Síolta*, *Tuismitheoirí agus Teaghlaigh*, an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú do thuismitheoirí agus iad a bheith páirteach trí réimse próiseas, beartas agus nósanna imeachta atá leagtha amach agus curtha i bhfeidhm go soiléir agus a bhfuil rochtain éasca orthu. Tá na codanna dírithe ar eolas a chomhroinnt agus ar chumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí ar bhealaí neamhfhoirmeálta agus foirmeálta araon, agus ar réimse deiseanna a chur ar fáil dóibh chun páirt a ghlacadh sa suíomh. Cuirtear tuilleadh eolais agus tagairtí *ar fáil in Tuismitheoirí agus Teaghlaigh*, Achoimre Taighde *Síolta*.

Tugtar i dtreoirlínte Aistear, *Comhpháirtíochtaí a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí*, eolas ar chabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim agus le forbairt an linbh sa bhaile. Tugtar moltaí i ndáil leis na bealaí éagsúla a bhféadfaí eolas a chomhroinnt idir an baile agus an suíomh agus a mhalairt. Tugtar sna treoirlínte chomh maith smaointe ar an gcaoi chun tuismitheoirí a dhéanamh páirteach sa suíomh, mar aon le béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí.

I dtreoirlínte *Aistear* agus i dTábla 1 thíos, tugtar breac-chuntas ar na buntáistí a bhaintear amach i gcásanna ina gcothaítear comhpháirtíocht láidir le tuismitheoirí agus le teaghlaigh.

***Tábla 1: Na buntáistí a bhaintear amach nuair a oibríonn tuismitheoirí agus cleachtóirí as láimh a chéile***

| Tuismitheoirí | Cleachtóirí | Leanaí |
|---|---|---|
| • braitheann siad go bhfuil meas ag daoine orthu<br>• bíonn siad níos páirtí i bhfoghlaim agus i bhforbairt a leanaí<br>• is féidir leo eolas a chomhroinnt faoina gcuid leanaí<br>• braitheann siad go dtuigtear luachanna, nósanna, traidisiúin agus tuairimí an teaghlaigh agus go gcuirtear san áireamh iad<br>• bíonn siad ar a gcompord nuair a thugann siad cuairt ar an suíomh, nuair a labhraíonn siad le cleachtóirí, agus nuair a dhéanann siad rudaí a phleanáil leo<br>• bíonn níos mó ar eolas acu faoi eispéiris a leanaí lasmuigh den teach agus úsáideann siad an t-eolas seo le tacú lena gcuid foghlama agus forbartha ar bhonn níos éifeachtaí<br>• tuigeann siad cén fáth a bhfuil cúram agus oideachas na luath-óige chomh tábhachtach sin<br>• bíonn níos mó muiníne acu as a gcuid scileanna tuismitheoireachta féin | • bíonn tuiscint níos fearr acu ar na leanaí agus ar na teaghlaigh ina suíomhanna agus úsáideann siad an t-eolas seo leis an bhfoghlaim a dhéanamh níos tairbhí agus níos taitneamhaí do na leanaí uile<br>• is féidir leo cabhrú le leanaí braistint féiniúlachta agus muintearais a fhorbairt sa suíomh ach plé gníomhach a dhéanamh le luachanna, traidisiúin agus tuairimí an teaghlaigh, agus forbairt a dhéanamh orthu sin nuair is iomchuí<br>• baineann siad leas as scileanna agus saineolas tuismitheoirí<br>• is féidir leo timpeallacht níos sábháilte ó thaobh mothúcháin de a chur ar fáil do leanaí | • airíonn siad níos sábháilte agus baineann siad níos mó tairbhe as na deiseanna oideachasúla a thugtar dóibh<br>• bogann siad ó shuíomh amháin chuig suíomh eile go muiníneach<br>• ceapann siad go bhfuil an fhoghlaim níos taitneamhaí nuair a bhíonn a saol baile 'le feiceáil' sa suíomh<br>• baineann siad taitneamh as a dteanga bhaile a chloisteáil agus a fheiceáil sa suíomh nuair nach bhfuil Béarla ná Gaeilge acu ó dhúchas<br>• faigheann siad taithí ar na naisc atá ann idir na seirbhísí éagsúla a thugann tacaíocht dóibh |

(*Aistear, Treoirlínte don Dea-Chleachtas*, lch. 8)